# An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

| An Stair Athbhreithnithe agus Faofa | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Leagan** | **Athbhreithnithe ag** | **Dáta Athbhreithnithe** | **Faofa Ag** | **Dáta Faofa** | **Barúlacha** |
| **1** | | | CD | 29/03/2023 | |
| **2** | CG | Meán Fómhair 2023 | An Bord Bainistíochta | 10/10/2023 | Nuashonrú bliantúil |
| **3** | CG | Bealtaine 2024 | An Bord Bainistíochta | 11/06/2024 | Nuashonrú bliantúil |
| **4** | CMP | Meitheamh 2025 | An Bord Bainistíochta | 15/07/2025 | Nuashonrú bliantúil |

## 1. Réamhrá agus dul chun cinn go dtí seo

Le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 (an Sainordú), leagtar amach na spriocanna i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) maidir le fuinneamh, ar spriocanna iad a bhfuil sé d'oibleagáid dhlíthiúil ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí in Éirinn iad a chomhlíonadh. Leagtar gníomhartha éagsúla amach leis freisin nach mór don earnáil phoiblí iad a dhéanamh. Tugtar sainordú leis do na comhlachtaí poiblí uile treochláir a fhorbairt lena leagtar amach an dóigh a mbainfidh siad amach na spriocanna sin agus a gcuirfidh siad na gníomhartha i bhfeidhm.

Leis an treochlár seo, tugtar breac-chuntas ar na gníomhartha ábhartha a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go dtí seo agus leagtar amach ann conas a bheartaímid ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Sainordú.

I gcomhréir leis an treoir a d'eisigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tá an treochlár seo um ghníomhú ar son na haeráide le haghaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dírithe ar ár gcuid pleananna chun astaíochtaí fuinnimh agus astaíochtaí breosla iontaise iomlána a laghdú ónár n-oibríochtaí i gcomhréir le spriocanna sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025. I gcomhthéacs Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, is amhlaidh, i láthair na huaire, a áirítear leis sin astaíochtaí ón méid seo a leanas:

- breosla a úsáidtear dár bhfoirgneamh
- leictreachas a úsáidtear dár bhfoirgneamh, dár dtrealamh agus dár soilsiú.

I bhfianaise mhéid agus shainchúram Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tá ceanglais ionchorpraithe aici sa Treochlár seo le haghaidh a Córais Bainistíochta Fuinnimh.

## Comhlíonadh ceanglas dlíthiúil

Is ann do réimse de cheanglais dhlíthiúla do chomhlachtaí poiblí a bhaineann le fuinneamh agus gníomhú ar son na haeráide, agus an méid seo a leanas san áireamh:

- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, lena gceanglaítear ar na comhlachtaí poiblí uile a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá i gcomhréir le huaillmhian aeráide na hÉireann.
- IR393/2021 Feidhmíocht Fuinnimh foirgneamh, lena gceanglaítear Córais Uathoibrithe agus Rialaithe Foirgnimh a shuiteáil faoi 2025, d'fhoirgnimh ag a bhfuil aschur rátaithe TAA os cionn 290kW; lena gceanglaítear luchtphointí d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil i gcarrchlóis le haghaidh foirgnimh nua nó athchóirithe ina bhfuil níos mó ná 10 spás páirceála.
- IR381/2021 Treoir maidir le Feithiclí Glana, lena leagtar amach spriocanna chun feithiclí éadroma agus tromshaothair glana a sholáthar, agus an chéad sprioc le baint amach in 2025 agus an dara sprioc in 2030. Athraíonn an sainmhíniú ar fheithicil ghlan chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha in 2025.
- IR4/2017 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, lena gceanglaítear go mbeadh gach foirgneamh nua ón earnáil phoiblí ó 2018 "nach mór saor ó astaíochtaí".
- IR646/2016, lena gceanglaítear nach soláthródh comhlachtaí poiblí ach amháin táirgí agus feithiclí a úsáideann fuinneamh atá ar an gclár E Triarach.
- IR426/2014, lena gceanglaítear ar an earnáil phoiblí bainistíocht fuinnimh eiseamláireach a léiriú agus lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi iniúchtaí fuinnimh gach ceithre bliana, agus lena gceanglaítear freisin nach féidir leis an earnáil phoiblí foirgnimh lena mbaineann RFF A3 nó níos airde a thógáil ar léas nó a cheannach.
- IR749/2024 an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, lena gcuirtear toirmeasc ar chomhlachtaí poiblí deontais a sholáthar do choirí breosla iontaise.

## Idirghníomhaíocht comhshaoil

Is mar a leanas atá na príomhréimsí de ghníomhaíochtaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a idirghníomhaíonn leis an gcomhshaol.

1. Spás oifige

   Oibríonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ó dhá urlár (urláir 2 agus 3) d'fhoirgneamh (3A Sráid an Mhéara Uachtarach, D01PF72, Baile Átha Cliath 1) atá faoi úinéireacht an Bhainc Ceannais agus tógtha ar léas trí Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá na hurláir eile den fhoirgneamh áitithe ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, an Oifig um Sholáthar Rialtais agus tionónta neamhrialtais. Eisíodh deimhniú B3 Rátála Fuinnimh Foirgnimh (RFF) don fhoirgneamh i mí Dheireadh Fómhair 2022, rud a bheidh bailí go mí Dheireadh Fómhair 2032.

2. Taisteal gnó

   Taistealaíonn baill foirne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chuig áitribh ar comhlachtaí iniúchta iad chun príomhghnó a dhéanamh. Déanann baill foirne taisteal idirnáisiúnta anois agus arís le haghaidh gníomhaíocht a bhaineann leis an obair. Tuairiscíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste miondealú go bliantúil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, miondealú ar an taisteal gnó a tabhaíodh sa bhliain féilire de réir an chineáil iompair.

3. Obair hibrideach

   Oibríonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mionsamhail oibríoch hibrideach ina bhfreastalaíonn na baill foirne ar an oifig nó ar áitreabh comhlachta iniúchta ar feadh 40% ar a laghad dá gcuid uaireanta oibre ar bhonn bliantúil.

4. Soláthar

   Maidir leis na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tá tionchar acu ar an gcomhshaol trína saolré.

5. Dramhaíl

   Gineann gníomhaíochtaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste dramhaíl in-athchúrsáilte, leictreonach, ghinearálta agus bhia.

## Spriocanna

Faoin Sainordú, ceanglaítear ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí an méid seo a leanas a bhaint amach faoi 2030:

- laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) iomlána a bhaineann le fuinneamh, i gcomparáid le meán de bhonnlíne 2016-2018. Chuige sin, ceanglaítear iad seo araon a bhaint amach:
    - laghdú 51% ar astaíochtaí (neamhleictreachais) fuinnimh díreacha, agus
    - laghdú 51% ar astaíochtaí iomlána foriomlána
- feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh

Baineann na spriocanna le fuinneamh a úsáideann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste inár gcuid oibríochtaí laethúla.

Go fadtréimhseach, is é an sprioc astaíochtaí fuinnimh atá ann glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí.

### Nuashonruithe agus tuairisciú

Déanfar an Sainordú a nuashonrú go bliantúil trí nuashonruithe amach anseo ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Déanfar an treochlár seo a nuashonrú laistigh de shé mhí tar éis Sainordú nuashonraithe a fhoilsiú. Beag beann ar aon nuashonruithe ar an Sainordú, déanfar athbhreithniú bliantúil ar an treochlár seo.

San athbhreithniú bliantúil, áireofar athbhreithniú ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na gníomhartha a leagtar amach i dtreochlár na bliana roimhe sin, déanfar measúnú ar an dul chun cinn maidir le ceanglais an tSainordaithe a chomhlíonadh agus áireofar ráiteas maidir le cathain a bhainfear amach iad.

Leanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de shonraí a chur isteach i gcóras monatóireachta agus tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de chuid na hearnála poiblí lena rianófar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna carbóin fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh.


Tuairisceoidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an dul chun cinn i dtreo an Sainordú a chur i bhfeidhm ina tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear a hastaíochtaí GCT, an oiliúint a chuirtear ar fáil do na baill foirne, gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta agus ráiteas ar chomhlíonadh Chiorclán 01/2020: Nósanna imeachta chun astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh.

## 2. Ceannaireacht agus rialachas le haghaidh gníomhú ar son na haeráide

I mí Mheán Fómhair 2022, rinne Bord Bainistíochta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a ghlacadh go foirmiúil. Thug sé Straitéis Dícharbónaithe na hEarnála Poiblí dá aire freisin, rud a d’fhorbair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tacú le ceannaireacht na hearnála poiblí i dtaobh gníomhú ar son na haeráide.

Ceapadh an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as Seirbhísí Lárnacha, an tUasal Mitchell McIntyre, mar an Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta d’Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus is é atá ina Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh freisin. Cuirfidh an tAonad Saoráidí, a thuairiscíonn don Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha, formhór na ngníomhartha ábhartha i bhfeidhm. Tuairiscíonn cathaoirleach na meithle foirne maidir le gníomhú ar son na haeráide, Olivia Somers, Uas., don Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha.

Leis an Sainordú, ceanglaítear go gcuirfeadh an bhainistíocht shinsearach uile (grád an Phríomhoifigigh nó a chomhionann agus os a chionn) cúrsa oiliúna ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích. Chuir an bhainistíocht shinsearach in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cúrsa oiliúna ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích i mí Feabhra 2025.




## 3. Ag plé lenár bhfoireann

Ainmníodh an tAonad Saoráidí mar Fhoireann Ghlas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá Olivia Somers, Uas. (ceannaire na Foirne Glaise), an tUasal Cristian Nica agus an tUasal Joe Higgins ina gcomhaltaí.

Chun tacú leis an bhFoireann Ghlas, bunaíodh meitheal um ghníomhú ar son na haeráide. Is é an ról atá aici feasacht comhshaoil a ardú agus tionscnaimh coigilte fuinnimh a chur chun cinn. I dteannta an chathaoirligh, tá cúigear oibrithe deonacha sa mheitheal ó gach cearn d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bhí gníomhú ar son na haeráide mar théama ag comhdhálacha oifige bliantúla ar ar fhreastail na baill foirne uile le déanaí. I gcomhdháil mhí na Bealtaine 2022, reáchtáladh seisiún maidir le gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear cuir i láthair ó chainteoirí seachtracha maidir le buiséadú don athrú aeráide, forbairtí i dtuairisciú inbhuanaitheachta agus beartais cánachais fuinnimh an Aontais Eorpaigh. Ag comhdháil mhí Eanáir 2023, labhair cathaoirleach na meithle maidir le gníomhú ar son na haeráide faoi na spriocanna dúshlánacha atá roimh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus béim á cur ar ar féidir leis na baill foirne a dhéanamh chun rannchuidiú leis na spriocanna a bhaint amach.

Eisítear ailt inlín agus ríomhphoist do na baill foirne uile go rialta, lena gcuirtear béim ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus leideanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Leanfaidh an mheitheal d'athrú iompraíochta a chur chun cinn i réimse na hinbhuanaitheachta trí chumarsáid rialta leis na baill foirne. Chuir an mheitheal ceardlann fuinnimh ar líne i láthair do na baill foirne uile in R1 2024. Soláthrófar ceardlanna go bliantúil.

Déantar breithnithe comhshaoil a ionchorprú i bplean oiliúna corparáideach 2025 agus leanann an Fhoireann Ghlas de bheith ag obair leis an Aonad Foghlama agus Forbartha chun oiliúint chuí um ghníomhú ar son na haeráide a shainaithint do na baill foirne ar bhonn bliantúil.

## 4. Ár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe carbóin a bhaint amach

Rinne Oifig an Ard-Reachtaireacht Cuntas agus Ciste roinnt mhaith gníomhartha nithiúla cheana chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Tá an méid seo a leanas déanta againn:

- chláraíomar le feachtas "Úsáid Níos Lú" atá faoi bhainistíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- ghlacamar páirt i gclár luathaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ina raibh ceardlanna/máistir-ranganna maidir le pleanáil, forfheidhmiú agus cothú cláir rannpháirtíochta foirne
- d'fhorbraíomar córas bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rud a ionchorpraíodh sa treochlár seo de bharr mhéid agus shainordú na hoifige
- thugamar isteach cleachtas "plugáil amach" lena ndíphlugálann an fhoireann saoráidí gach gléas sna limistéir plean oscailte roimh gach deireadh seachtaine
- chuireamar i bhfeidhm treoir ón rialtas maidir le socruithe teochta laghdaithe agus tréimhsí téimh giorraithe i bhfoirgnimh na hearnála poiblí
- gheallamar áitribh oifige a dhúnadh do thréimhse na Nollag i gcás inar praiticiúil
- rollamar amach deais chomhshaoil lena soláthraítear sonraí don bhainistíocht shinsearach ar bhonn ráithiúil
- sholáthraíomar oiliúint ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide don bhainistíocht shinsearach
- rinneamar córais agus trealamh líonraí leagáide a dhíchoimisiúnú, lenar laghdaíodh an úsáid leictreachais go mór
- sholáthraíomar páipéar oifige, rud atá athchúrsáilte 100%
- d'athraíomar cleachtais oibre chun úsáid páipéir a laghdú agus a bheith chomh saor ó pháipéar is praiticiúil.
- scríobhamar chuig Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le cóiríocht oifige a optamú i gcomhthéacs oibre cumaisc agus an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide
- d'áiríomar critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas i gcáipéisíocht fhoilsithe na tairisceana do chonarthaí ar luach is mó ná na tairseacha soláthair is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh.


Ar na gníomhartha eile atá á ndéanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tá:

- Leanúint de thomhaltas páipéir a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air agus de threoir a eisiúint chuig na baill foirne maidir le húsáid páipéir a laghdú
- Plean a fhorbairt, i gcomhar le bainistíocht an fhoirgnimh agus tionóntaí eile de chuid an fhoirgnimh, chun dramhaíl líonta talún a laghdú chuig nialas nach mór agus laghdú mór a dhéanamh ar úsáid uisce. Tá bainistíocht an fhoirgnimh ar thús cadhnaíochta maidir leis na saincheisteanna sin agus meastar go ndéanfar dul chun cinn sa mheántéarma.
- Chuir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste deireadh le plátaí agus sceanra indiúscartha a úsáid. Fiosróidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bealaí chun deireadh a chur le cupáin pháipéir in-athchúrsáilte a úsáid, rudaí a cuireadh in ionad cupáin phlaisteacha aonúsáide, lena n-úsáid leis na fuaraitheoirí uisce.
- Bealaí a iniúchadh chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce
- Bealaí a fhiosrú chun tacú le hathchúrsáil tríd an Scéim Éarlaise agus Aisíoca
- A bheith ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun ár gconradh diúscartha dramhaíola a athnuachan, chun bailiúcháin ar leith de dhramhaíl in-athchúrsáilte, iarmharach/ghinearálta agus de dhramhaíl orgánach/bithdhramhaíl a sholáthar
- Sonraí a fháil agus a anailísiú maidir le gach bailiúchán dramhaíola chun réimsí a shainaithint inar féidir laghduithe ar tháirgeadh dramhaíola foriomlán a bhaint amach
- A bheith ag plé le bainistíocht an fhoirgnimh a mhéid a bhaineann le córais bainistithe agus rialaithe aeráide an fhoirgnimh, d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

## Feidhmíocht feidhmiúlachta fuinnimh

Ríomhann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann lorg carbóin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trína chóras monatóireachta agus tuairiscithe. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aighneacht bhliantúil i leith líon na mball foirne agus uaslódálann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann sonraí úsáide fuinnimh go díreach ó sholáthróirí fuinnimh.

Le figiúirí sealadacha ó 2024 a d'eisigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i mí na Bealtaine 2025, léirítear go ndearna Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste méadú 68.3% (2023: 66.9%) ar a héifeachtúlacht fuinnimh ó bhliain bhonnlíne 2009 in aghaidh na sprice de 50%. Is é is cúis leis sin na héifeachtaí comhcheangailte atá ag méadú ar líon na mball foirne agus laghdú ar an ídiú fuinnimh iomlán.




## Feidhmíocht astaíochtaí GCT

Agus úsáid á baint as réamhfhigiúirí 2024 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, leis an tábla agus leis na graif thíos déantar achoimre ar an dul chun cinn go deireadh 2024 maidir le spriocanna astaíochtaí GCT 2030 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

| | **Astaíochtaí neamhleictreachais ($kgCO_2$)** | **Astaíochtaí leictreachais ($kgCO_2$)** | **Astaíochtaí iomlána* ($kgCO_2$)** |
|---|---|---|---|
| **Sprioc** | Laghdú 51% faoi 2030 | | Laghdú 51% faoi 2030 |
| **Bonnlíne (i.e. an meán do 2016-2018)** | 54,727 | 134,040 | 188,767 |
| **Sprioc 2030** | 26,816 | 28,622 | 55,438 |
| **Astaíochtaí iarbhír in 2024** | 39,666 | 42,714 | 82,380 |
| **Laghduithe a baineadh amach** | 15,061 (28%) | 91,326 (68%) | 106,387 (56%) |
| **Laghduithe beartaithe ar thaobh an tsoláthair (2021-2030)** | — | 44,410** | 44,410** |
| **Bearna i sprioc 2030** | **12,850** | | **26,942** (náid má bhaintear amach na laghduithe beartaithe ar thaobh an tsoláthair) |

* Le sprioc 2030 le haghaidh astaíochtaí iomlána, léirítear laghdú is mó ná 51% ar an leibhéal bonnlíne toisc gurb amhlaidh le samhail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bheartaítear laghduithe a dhéanamh ar dhícharbónú ar thaobh an tsoláthair idir 2021 agus 2030.

** Tagann na figiúirí maidir le laghduithe ar thaobh an tsoláthair le 2023 – ní bheidh na figiúirí do 2024 ar fáil go mí Mheán Fómhair 2025.

### Astaíochtaí CO2 iontaise

In 2024, bhí CO2 iontaise 27.5% faoin mbonnlíne de 54,727 kgCO2.

**2024: 39,666 kgCO2**

**Sprioc 2030: 26,816 kgCO2**

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór an CO2 iontaise a laghdú 32.4% eile ó leibhéal 2024 laistigh de 6 mbliana. Níor tuairiscíodh aon tionscadal beartaithe um choigilt fuinnimh lena laghdófar CO2 iontaise in 2023*.


### Astaíochtaí iomlána CO2

In 2024, bhí CO2 iomlán 56.4% faoin mbonnlíne de 188,767 kgCO2.

**2024: 82,380 kgCO2**

**Sprioc 2030: 55,438 kgCO2**

Chun an sprioc seo a bhaint amach, ní mór an CO2 iomlán a laghdú 32.7% eile ó leibhéal 2024 laistigh de 6 mbliana. Níor tuairiscíodh aon tionscadal beartaithe um choigilt fuinnimh lena laghdófar CO2 iontaise in 2023*.




Leis na figiúirí léirítear go bhfuil Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an mbóthar ceart chun a sprioc astaíochtaí neamhleictreachais a bhaint amach do 2030. Mar sin féin, tháinig méadú mór ar astaíochtaí neamhleictreachais in 2024. Tá iniúchadh á dhéanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an gcúis leis an méadú sin agus déanfaidh sí gach iarracht chun an úsáid a bhaineann sí as breoslaí iontaise a laghdú agus a sprioc do 2030 a chomhlíonadh.

Leis na figiúirí léirítear freisin go bhfuil Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an mbóthar ceart chun a sprioc maidir le laghdú a dhéanamh ar a hastaíochtaí iomlána a bhaint amach faoi 2030.

Tá na figiúirí seo bunaithe ar úsáid fuinnimh ár n-oifige, agus sin amháin. De réir mar a thagann forbairt ar thuairisciú na hearnála poiblí ar ghníomhú ar son na haeráide sna blianta atá le teacht, féadfar méadracht bhreise maidir le hiompar a áireamh in atriallta ar an treochlár seo ina dhiaidh seo.

### Iniúchóireacht fuinnimh

Choimisiúnaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh fuinnimh lenar féachadh le sainaithint a dhéanamh ar an áit, ar an tráth agus ar an dóigh ar ídigh an oifig fuinneamh. Leis an iniúchadh, nochtadh aimhrialtachtaí áirithe i dtaobh ídiú fuinnimh ar fud an dá urlár dár gcuid i gcomparáid le hurláir eile laistigh den fhoirgneamh. In 2023 agus 2024, rinne sainchomhairleoir fuinnimh iniúchadh mion ar na haimhrialtachtaí. Trí bhonneagar TF a dhíchoimisiúnú ón tríú hurlár, tugadh aghaidh ar na haimhrialtachtaí agus, dá bharr sin, rinneadh laghdú buan mór ar úsáid leictreachais in 2024.

Leis an iniúchadh fuinnimh, rinneadh moltaí maidir le córas rialaithe aeráide an fhoirgnimh. Leanann an Fhoireann Ghlas de bheith ag plé, i gcomhar le tionóntaí eile de chuid an fhoirgnimh, le bainistíocht an fhoirgnimh maidir le córais bainistithe agus rialaithe aeráide an fhoirgnimh d’fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

## 5. Córais bainistithe fuinnimh agus comhshaoil

Tá roinnt córas ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Coiste ónar féidir sonraí maidir le hídiú fuinnimh agus áitíocht oifige a asbhaint. Mar shampla, tá rochtain againn ar shonraí maidir leis an méid seo a leanas:

- úsáid leictreachais agus gáis fíor-ama trasna an dá urlár dár gcuid
- áirithintí do sheomraí cruinnithe
- rátaí freastail oifige
- sonraí taistil gnó
- léamha teochta d’oifigí ar leith

Eisíodh deais lena dtaispeántar príomhshonraí comhshaoil don bhainistíocht shinsearach in R2 2025 chun cuidiú le heolas a dhéanamh do chinntí amach anseo. Leis an deais tuairiscítear sonraí atá cothrom le dáta maidir le húsáid cumhachta trasna gach urláir, ráta úsáide an spáis oifige agus dul chun cinn i dtreo spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

## 6. Ár soláthar a ghlasú

Le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, forchuirtear roinnt ceanglas i ndáil le foirgnimh agus Soláthar Poiblí Glas (SPG). Is éard is SPG ann próiseas ina bhféachann údaráis phoiblí le hearraí, seirbhísí nó oibreacha, ag a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe, a fhoinsiú.

Tá a cleachtais soláthair nuashonraithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun treoir a d'fhoilsigh EPA a léiriú chun tacú le cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a chuimsiú i nósanna imeachta soláthair de chuid na hearnála poiblí, i gcomhréir leis an Sainordú um Chur i bhFeidhm Soláthair Phoiblí Ghlais a leagtar amach sa doiciméad Ag Ceannach níos Glaise: An Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027.

Go háirithe, leis na nósanna imeachta áirítear critéir SPG chuí le haghaidh critéir roghnúcháin agus dámhachtana le linn earraí agus seirbhísí a sholáthar agus áirítear oiliúint maidir le soláthar glas.

Le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, léirítear go bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe le ciorclán a fhoilsiú maidir le hoibleagáidí nua i dtaobh Soláthar Poiblí Glas. Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an gciorclán nuair a fhoilsítear é agus nuashonróidh sí a cuid beartas agus nósanna imeachta mar is gá.

Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a nósanna imeachta soláthair a nuashonrú lena cheangal go ndeimhneofar go bhfuil 10% ar a laghad, de réir luacha, den bhia a lorgaítear faoi shocruithe conartha nua orgánach, i gcás inar féidir.

Soláthraítear táirgí úsáideoirí deiridh TFC de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí chreat ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Áiritheoidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a mhéid is féidir, go mbeidh táirgí a cheannaítear faoin gcreat seo deimhnithe chuig Caighdeán Óir EPEAT (nó a chomhionann), go mbeidh deimhniú TCO (nó a chomhionann) acu nó go mbeidh siad athmhonaraithe, agus é á choinneáil i gcuimhne go ndeachthas i mbun an chreata sular ceanglaíodh sin faoin Sainordú.

Soláthraítear seirbhísí glantóireachta laistigh de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí phróiseas tairisceana atá á reáchtáil ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Oibreoidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a mhéid is féidir, leis na ranna sin chun a cheangal ar thairgeoirí sonrú a dhéanamh ar an oiliúint a chuirfear i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag na baill foirne uile atá rannpháirteach i soláthar an chonartha chun modhanna glantóireachta a úsáid lena laghdófar tionchar comhshaoil na seirbhísí.

## 7. Bonnlíne a leagan agus úsáid acmhainní a laghdú

D'aistrigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chuig oifig atá saor ó pháipéar a mhéid is praiticiúil. Leanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste d'ídiú páipéir a thomhas agus de mhonatóireacht a dhéanamh air chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfar tuilleadh laghduithe a bhaint amach. Úsáideann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste táirgí athchúrsáilte, agus geallann sí leanúint de sin, i gcás ina n-úsáidtear páipéar.

Déanfaidh an Fhoireann Ghlas tuilleadh measúnaithe, i gcomhar lenár ngealltanas soláthar inbhuanaithe a áirithiú, ar thaobh ár soláthair chun sainaithint a dhéanamh ar an áit agus ar an gcaoi ar féidir coigilteas inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhar lenár soláthróirí éagsúla.

## 8. Ár bhfoirgnimh a fheabhsú

Le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, forchuirtear roinnt ceanglas i ndáil le foirgnimh lena n-áirítear i leith córais téimh, comharthaíocht i bhfoirgnimh atá inrochtana go poiblí agus forálacha maidir le feithiclí agus rothair.

Chuir Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste plean soláthair foirgnimh i gcrích atá cuí do scála na heagraíochta.

Tá gealltanas tugtha ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gan córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise a úsáid, seachas sna himthosca sonracha a leagtar amach sa Sainordú.

Bhí sé beartaithe ag an gcuideachta bainistíochta foirgnimh, don fhoirgneamh ina dtógann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste spás ar léas, suirbhé fuinnimh a dhéanamh. D'iarr Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go mbeadh an suirbhé seo dírithe ar conas is féidir leis an gcuideachta bainistíochta cúnamh a thabhairt do thionóntaí, lena n-áirítear Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, chun spriocanna 2030 a bhaint amach, maidir le córas rialaithe aeráide an fhoirgnimh, go sonrach, agus ídiú leictreachais an fhoirgnimh lasmuigh d'uaireanta gnó.

Níl an foirgneamh atá á áitiú ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag 3A Sráid an Mhéara Uachtarach inrochtana ag an bpobal.

Tá pointí athlíonta uisce óil ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na baill foirne uile trasna an dá urlár. Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste imscrúdú ar bhealaí chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce ar a háitreabh. Níl aon fheithiclí faoi úinéireacht Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá ceithre spás páirceála leithdháilte ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in íoslach an fhoirgnimh, chun freastal ar líon reatha na mball foirne, atá cothrom le thart ar 200 duine.

Tá gealltanas tugtha ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tionscnaimh freagrachta táirgeora na hÉireann a chur i gcrích maidir le táirgí a bhailiú agus a athchúrsáil, lena n-áirítear an scéim éarlaise agus aisíoca.

Tá saoráidí glasála ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do chuid mhór rothar. Oibreoidh an Fhoireann Ghlas le bainistíocht an fhoirgnimh chun a áirithiú go mbeidh an spás ann do rothair neamhthraidisiúnta (rothair, rothair leictreacha agus rothair lasta), agus cuirfidh sí chun cinn úsáid rothar agus roghanna soghluaisteachta comhroinnte mar is cuí.

In 2025, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú agus breithniú ar dheimhniú an Chomhartha um Thaisteal níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair chun sainaithint a dhéanamh ar bhealaí ar féidir le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a spreagadh. Cé gur chinn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gan leanúint de dheimhniú an Chomhartha um Thaisteal níos Cliste, leanann sí de thacú le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus de bheith á spreagadh.

Tá seomraí feistis agus ceathanna ar fáil ionas go mbeidh siad caoithiúil dóibh sin a úsáideann modhanna taistil gníomhacha chun an turas chun na oibre a dhéanamh.

## Faomhadh agus síniú

D’fhaomh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an treochlár seo um ghníomhú ar son na haeráide an 15 Iúil 2025.

| | | |
|---|---|---|
| Sínithe ag | | 14/08/2025 |
| | Rúnaí | Dáta |

## Aguisín 1 – Stádas gníomhartha ón treochlár deireanach

Soláthraíodh an t-aguisín seo don Bhord Bainistíochta mar fhorléargas ar an dul chun cinn maidir le gníomhartha ar tugadh gealltanas ina leith sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide do 2024.

| **Gníomh ó Threochlár 2024** | **Dul chun cinn amhail mí an Mheithimh 2025** |
|---|---|
| Forbair deais le linn 2023 chun príomhshonraí comhshaoil a léiriú. | **Críochnaithe** – Rolladh an deais amach do chomhaltaí an bhoird bainistíochta in R2 2025. |
| Le linn 2023, déanfaimid athbhreithniú ar ár gcleachtais soláthair chun treoir a d'fhoilsigh EPA a léiriú chun tacú le cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a chuimsiú i nósanna imeachta soláthair de chuid na hearnála poiblí. | **Críochnaithe** – nuashonraigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a beartas agus a nósanna imeachta soláthair chun cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a áireamh. Leanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bheith ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ar bhonn leanúnach chun a áirithiú go léireofar an céanna le haon chreat-chomhaontuithe a dhéantar. |
| Leanfaidh an Fhoireann Ghlas de thuilleadh laghduithe ar úsáid páipéir a imscrúdú agus a chur chun cinn i gcás inar féidir ós rud é go mbeartaíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bheith "saor ó pháipéar". Geallann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste táirgí athchúrsáilte a úsáid i gcás ina n-úsáidtear páipéar. | **Críochnaithe** – D'aistrigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun bheith "saor ó pháipéar" a mhéid is praiticiúil. I mí an Mhárta 2025, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar úsáid páipéir le linn 2024 agus níor shainaithin sí aon phróisis ghnó ina bhféadfaí tuilleadh laghduithe móra a dhéanamh ar úsáid páipéir. Leanfaidh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bheith á chur i gcuimhne do bhaill foirne páipéar a laghdú i gcás inar féidir. |
| Soláthair oiliúint ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide don cheannaireacht shinsearach ar ghrád an Phríomhoifigigh nó os a chionn | **Críochnaithe** – Chuir bainistíocht shinsearach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste oiliúint ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích i mí Feabhra 2025. |
| Forbair plean, i gcomhar le bainistíocht an fhoirgnimh agus tionóntaí eile de chuid an fhoirgnimh, chun dramhaíl líonta talún a laghdú chuig nialas nach mór agus laghdú mór a dhéanamh ar úsáid uisce. | **Ar bun** – Chuir bainistíocht an fhoirgnimh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an eolas go bhfuil plean gnímh á fhorbairt acu sa réimse sin i gcomhar leis na tionóntaí uile agus le húinéirí an fhoirgnimh. |
| Oibreoidh an Fhoireann Ghlas le bainistíocht an fhoirgnimh chun a áirithiú go mbeidh an spás ann do rothair neamhthraidisiúnta (rothair, rothair leictreacha agus rothair lasta), agus cuirfidh sí chun cinn úsáid rothar agus roghanna soghluaisteachta comhroinnte mar is cuí. | **Ar bun** – Phléigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le bainistíocht an fhoirgnimh maidir le spás a fháil do rothair neamhthraidisiúnta. Sna saoráidí reatha, tá spás ann do rothair leictreacha, rothair agus rothair lasta ar ghnáthmhéid. Mar sin féin, is féidir nach mbeidh go leor spáis ann do rothair neamhthraidisiúnta áirithe nach bhfuil ar ghnáthmhéid. Níor shainaithin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bealaí fós chun roghanna rothair agus soghluaisteachta comhroinnte a chur chun cinn. |
| Déanfar anailís ar shonraí ar gach bailiúchán dramhaíola chun réimsí a shainaithint inar féidir laghduithe ar tháirgeadh dramhaíola foriomlán a bhaint amach. | **Gan bheith tosaithe** – níor thosaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar anailís a dhéanamh ar bhailiúcháin dramhaíola chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí inar féidir laghduithe a bhaint amach. |

| | |
|---|---|
| Pléigh le bainistíocht an fhoirgnimh a mhéid a bhaineann le córais bainistithe agus rialaithe aeráide an fhoirgnimh, d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. | **Gan bheith tosaithe** – D'athraigh an t-áitreabh a thóg Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar léas cuideachta bainistíochta an fhoirgnimh in 2025. Níor phléigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le foireann bainistíochta an fhoirgnimh nua fós maidir le córais bainistithe agus rialaithe aeráide an fhoirgnimh. |
| Déan athbhreithniú ar dheimhniú an Chomhartha um Thaisteal níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair chun sainaithint a dhéanamh ar bhealaí ar féidir le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a spreagadh. | **Críochnaithe** – Rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú agus chinn sí gan leanúint de dheimhniú an Chomhartha um Thaisteal níos Cliste an tráth seo. Leanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de thacú le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus de bheith á spreagadh. |
| Déan meastóireacht ar cheanglais maidir le spás oifige faoi shocruithe oibre hibrideacha d'fhonn lorg cóiríochta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur sa tomhas ceart. | **Críochnaithe** – Rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste meastóireacht ar a ceanglais maidir le spás oifige agus scríobh sí chuig Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le cóiríocht oifige a optamú i gcomhthéacs oibre cumaisc agus an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide. |
| Déan athbhreithniú ar an gconradh maidir le diúscairt dramhaíola chun bailiúcháin ar leith de dhramhaíl in-athchúrsáilte, iarmharach/ghinearálta agus orgánach/bithdhramhaíl a áireamh. | **Ar bun** – Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun a conradh maidir le diúscairt dramhaíola a athnuachan. |